Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7467/20**

**COAFR 113**
**COPS 120**
**CFSP/PESC 321**
**DEVGEN 47**
**ACP 25**
**COHAFA 17**
**COTER 17**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Mósaimbíc<br>– Conclúidí ón gComhairle (22 Aibreán 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Mósaimbíc arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 22 Aibreán 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Mósaimbíc**

1. Le síniú an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais Náisiúnta ag Rialtas Mhósaimbíc agus RENAMO i mí Lúnasa 2019, tá deis athnuaite ann chun síocháin, athmhuintearas agus cobhsaíocht atá marthanach a fhorbairt. Is é tiomantas an Aontais Eorpaigh i gcónaí tacú leis an gcomhaontú sin. Tá trédhearcacht agus cuimsitheacht sa phróiseas síochána ríthábhachtach, agus ní mór aird shuntasach a thabhairt ar rannpháirtíocht na mban agus na hóige, agus ar ghné na hinscne.

2. Tá dul chun cinn inbhraite maidir le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh ríthábhachtach freisin chun an t-athmhuintearas fadtéarmach a bhaint amach. Chuige sin, teastaíonn bearta marthanacha láithreach, agus iarrann an tAontas ar an dá pháirtí a ngealltanais a chur chun feidhme sa réimse lárnach sin. Is den bhunriachtanas é freisin bearta éifeachtacha a dhéanamh ó thaobh an díláraithe de.

3. Caithfear aird a thabhairt ar bhonn práinne ar an staid slándála agus dhaonnúil atá ag dul in olcas i gcónaí i gcúige Cabo Delgado agus, ag an am céanna, a áirithiú go ndéanfar cearta an duine a urramú ina n-iomláine. Is cúis imní iad na hionsaithe a rinneadh le déanaí in Mocimboa da Praia agus Quissanga. Chuige sin, ní mór do na húdaráis gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun saoránaigh a chosaint, chun imscrúduithe a dhéanamh chun déantóirí coire a thabhairt os comhair cúirte agus, i gcás inarb iomchuí, chun ról na n-eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus na naisc idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith acu a shainaithint.

4. Agus gné chasta agus réigiúnach na staide á cur san áireamh, tá an tAontas Eorpach réidh chun dul i mbun idirphlé chun roghanna éifeachtacha cúnaimh a chinneadh agus chun tacú le comhar ábhartha trasteorann idir Mósaimbíc agus a comharsana. Tá gá le cur chuige comhtháite comhordaithe, lena n-áirítear tríd an daonlathas, cearta an duine, rialachas éifeachtach áitiúil a chur chun cinn, tríd an smacht reachta a athbhunú, agus trí aghaidh a thabhairt ar na dálaí socheacnamaíocha lena gcothaítear an éagobhsaíocht agus an t-antoisceachas foréigneach.

5. Ag idirphlé dó leis na húdaráis, tá an tAontas réidh chun tacú le cur chun feidhme na moltaí óna Mhisean Breathnóireachta Toghcháin chun an daonlathas a chomhdhlúthú agus muinín mhuintir uile Mhósaimbíc as na hinstitiúidí a neartú, roimh na chéad toghcháin eile, idir na toghcháin bhardasacha agus an t-olltoghchán.

6. Is de thiomantas an Aontais oibriú i gcomhar le Mósaimbíc chun claochlú agus éagsúlú eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar fhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil, ag díriú ar mhná agus ar an óige agus ar an ngá atá le fás cuimsitheach, agus aird á tabhairt ar riachtanais shonracha na limistéar tuaithe, agus comhtháthú á dhéanamh ar chosc agus maolú na n-éifeachtaí a bhíonn ag an athrú aeráide. Tá an tAontas réidh chun tacú le Mósaimbíc sna hathchóirithe is gá maidir le rialachas eacnamaíoch agus polaitiúil, arb é is aidhm dóibh cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch níos fearr mar aon le cúinsí gnó feabhsaithe do gach oibreoir eacnamaíoch a bhaint amach, inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhioscach, rochtain ar bhunseirbhísí ardcháilíochta agus dáileadh cothrom ioncaim, go háirithe ó ghás, a bhfuil sé d’acmhainn ag Mósaimbíc a bheith ar cheann dá mhórtháirgeoirí ar domhan. Cuirfidh gníomhaíocht leanúnach in aghaidh an éillithe go mór le muinín infheisteoirí a fheabhsú.

7. Ina theannta sin, tá an tAontas réidh chun tacú le Mósaimbíc ó thaobh a comhtháthú réigiúnach a dhoimhniú agus a cuid onnmhairí a éagsúlú, trí chur le cur chun feidhme leanúnach éifeachtach an Comhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche agus, chomh maith leis sin, i bhfianaise fhorbairt Limistéar Saorthrádála Mhór-roinn na hAfraice.

8. Tá bliain caite ó bhuail na cioclóin Idai agus Kenneth an tír, agus tá dúshláin dhaonnúla agus dúshláin a bhaineann leis an aeráid fós le sárú ag Mósaimbíc. Tá an staid dhaonnúil uafásach go háirithe in Cabo Delgado, áit ar chuir an t-antoisceachas foréigneach iallach ar na mílte a mbaile a fhágáil. I gcomhthráth leis na hiarrachtaí leanúnacha atógála, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta tacú le forbairt na hathléimneachta agus leanúint de thacaíocht dhaonnúil a chur ar fáil, lena n-áirítear ullmhú do ghéarchéimeanna agus freagairt orthu.

9. I bhfianaise ráig COVID-19, aithníonn an tAontas go mbeidh sé ríthábhachtach pleananna, gníomhaíochtaí agus amlínte a oiriúnú i ngach réimse oibre. Athdhearbhaíonn an tAontas a dhlúthpháirtíocht agus tá sé réidh chun tacú le Rialtas Mhósaimbíc agus é ag féachaint leis na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bpaindéim ar an earnáil sláinte – chomh maith le tionchar daonnúil, sóisialta agus eacnamaíoch na paindéime a dhéanfaidh difear do mhuintir Mhósaimbíc agus go háirithe do na daoine is boichte agus is leochailí – a mhaolú.